Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 23 Meán Fómhair 2022
(OR. en)

12630/22

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0275(COD)**

CODEC 1335
CODIF 24
TRANS 590

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le nósanna imeachta aonfhoirmeacha i dtaca le seiceálacha ar iompar earraí contúirteacha de bhóthar (códú)<br>**(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 19 Lúnasa 2021, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagal 91 CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. An 20 Deireadh Fómhair 2021, thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh[2].

3. Chuathas i gcomhairle le Coiste Eorpach na Réigiún agus chinn sé gan aon tuairim a thabhairt uaidh.

4. An 13 Meán Fómhair 2022, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[3].

[1] 11640/21 + ADD1
[2] IO C 105, 4.3.2022, lch. 148
[3] 12361/22

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE- CONS 22/22 é, a fhormheas mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

6. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.